2025/2310

19.11.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2310 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2025

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 trí na hastaíochtaí tagartha CO_2 a scriosadh

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)7595)

(Is iad na téacsanna Ollainnise, Béarla, Fraincise, Gearmáinise, Iodáilise agus Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1), an dara fomhír de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun na hastaíochtaí tagartha CO_2 a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 ([2]) ón gCoimisiún a dhéanamh ceangailteach ó thaobh dlí de ar mhonaróirí nár sheolaithe an Chinnidh sin iad toisc nár tháinig siad isteach i margadh an Aontais go dtí tar éis thréimhse tuairiscithe na bliana 2019 trí fheithiclí a thagann sna foghrúpaí feithiclí dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin a chlárú, ba cheart na hastaíochtaí tagartha CO_2 a scriosadh ó Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 agus a athghlacadh trí bhíthin gníomh a bhfuil feidhm ghinearálta aige.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 mar a leanas:

(1) Scriostar Airteagal 5;

(2) Scriostar Iarscríbhinn II.

Airteagal 2

Seolaithe

Is chuig na monaróirí seo a leanas a dhírítear an Cinneadh seo:

(1) DAF TRUCKS N.V.
Bosca OP 90065
5600 PT Eindhoven
An Ísiltír

(2) DAIMLER TRUCK AG
Fasanenweg 10
70771 Leinfelden-Echterdingen
An Ghearmáin

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/781 óngCoimisiún an 10 Bealtaine 2021 maidir le liosta a fhoilsiú lena léirítear luachanna astaíochtaí CO2 áirithe in aghaidh an mhonaróra agus meánastaíochtaí sonracha CO2 gach feithicle nua tromshaothair a cláraíodh san Aontas agus astaíochtaí tagartha CO2 de bhun Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh thréimhse tuairiscithe 2019 (IO L 167, 12.5.2021, lch. 47, ELI:IO L 167, 12.5.2021, lch. 47, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/781/oj).

(3) FORD OTOMOTIV SANAYI A.Ş.
Akpınar Mahallesi Hasan Basri Caddesi No: 2
34885 Sancaktepe/İstanbul
An Tuirc

(4) IVECO MAGIRUS AG
Nicolaus-Otto-Straße 27
89079 Ulm
An Ghearmáin

(5) IVECO S.P.A.
Via Puglia 35
10156 Torino Teil.
An Iodáil

(6) MAN TRUCK & BUS SE
Dachauer Straße 667
80995 München
An Ghearmáin

(7) RENAULT TRUCK SAS
99 Route de Lyon
69800 Saint-Priest
An Fhrainc

(8) SCANIA CV AB
Vagnmakarvägen 1
151 87 Södertälje
An tSualainn

(9) VOLVO TRUCK CORPORATION
Herkulesgatan 75
405 08 Göteborg
An tSualainn

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún